2025/2143

24.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2143 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta a thabhairt isteach agus oiliúint fhíorúil a chur ar rialtóirí aerthrácht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(1), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 53(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthrácht.

(2) Mar gheall ar an tsolúbthacht agus infhaighteacht theoranta acmhainní rialtóirí aerthrácht san Aontas, tá srian ar acmhainneacht an chórais Eorpaigh um Bainistíocht Aerthrácht. Dá bhrí sin, is gá oiriúnuithe a dhéanamh ar an gcreat rialála a bhaineann le ceadúnú agus cáiliú rialtóirí aerthrácht.

(3) Chun freastal níos fearr ar riachtanais soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ó thaobh pearsanra cáilithe agus pearsanra atá ar fáil, ba cheart an leibhéal inniúlachta is gá a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/340 a chuíchóiriú a thuilleadh chun a áirithiú go n-áiritheofar leis an modheolaíocht oiliúna agus na siollabais a chuirtear i bhfeidhm aschur coiteann oiliúna agus, ar an gcaoi sin, go gcuireann siad go dearfach leis na riachtanais oibríochtúla.

(4) Chun aschur cuíchóirithe oiliúna a chumasú, ba cheart an creat rialála maidir le hoiliúint do rialtóirí aerthrácht san Aontas a fheabhsú trí na caighdeáin feidhmíochta is gá lena gcuirtear prionsabail na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta i bhfeidhm a leagan amach, arb é an bealach is fearr leis an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) é chuig gach ceadúnú pearsanra eitlíochta freisin.

(5) Chun go gcuirfí ar bhealach níos fearr le cur i bhfeidhm mhodheolaíocht na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta maidir le hoiliúint rialtóirí aerthrácht, ba cheart modheolaíocht na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta a shuí, ar bhealach a leagann amach na caighdeáin feidhmíochta atá le comhlíonadh ag teagascóirí agus ag measúnóirí, trí na prionsabail chéanna oiliúna agus mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta a chur i bhfeidhm.

(6) Tar éis na taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach an oiliúint a fhíorúlú do rialtóirí aerthrácht. Le hoiliúint fhíorúil, níor cheart go gcuirfeadh scaradh geografach mac léinn, teagascóirí agus measúnóirí teorainn le héascú na hoiliúna do rialtóirí aerthrácht.

(7) Chun é a chur ar a gcumas do sholáthraithe seirbhísí aerthrácht agus d'eagraíochtaí um oiliúint do rialtóirí aerthrácht a scéimeanna inniúlachta aonaid agus a bpleananna oiliúna agus a gcúrsaí oiliúna a oiriúnú, faoi seach, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthrácht de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/340/oj).

(8) Chun neamhleanúnachas sa phróiseas oiliúna a sheachaint, ba cheart glacadh le deimhnithe maidir le cur i gcrích cúrsaí áirithe a thosaigh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun na ceadúnais, na rátálacha agus na formhuinithe ábhartha a eisiúint, a athbhailíochtú nó a athnuachan, ar choinníoll go mbeidh an oiliúint agus an measúnú curtha i gcrích faoin 30 Meitheamh 2029.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/340 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'I dteannta na sainmhínithe i Rialachán (AE) 2018/1139, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas';

(b) cuirtear an pointe (2a) seo a leanas isteach:

'(2a) ciallaíonn 'samhail inniúlachta oiriúnaithe' grúpa inniúlachtaí agus a dtuairisc agus a gcritéir feidhmíochta ghaolmhara, arna oiriúnú de réir creat inniúlachta de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a úsáideann eagraíocht chun oiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta a fhorbairt le haghaidh ról ar leith';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (6) agus (7):

'(6) ciallaíonn 'measúnú' cinneadh i dtaobh an gcomhlíonann duine an leibhéal feidhmíochta is gá faoi dhálaí áirithe, trí fhianaise a bhailiú ó iompraíocht inbhraite';

(7) ciallaíonn 'formhuiniú measúnóra' an t-údarú a iontráiltear ar an gceadúnas agus atá ina chuid den cheadúnas sin, lena léirítear inniúlacht an tsealbhóra measúnú a dhéanamh ar na scileanna praiticiúla chun an ceadúnas, an rátáil nó an formhuiniú/na formhuinithe a eisiúint agus chun é a athbhailíochtú nó a athnuachan';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7b):

ciallaíonn 'tuarascáil tiontaithe náisiúnta' tuarascáil ar ar a bonn is féidir leis an údarás inniúil chuig a gcuirtear isteach an t-iarratas ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthrách creidmheas a thabhairt as oiliúint do rialtóirí aerthrách míleata roimhe sin';

(e) cuirtear na pointí (7c) go (7f) seo a leanas isteach:

'(7c) ciallaíonn 'inniúlacht' gné d'fheidhmíocht an duine a úsáidtear chun feidhmíocht rathúil sa phost a thuar go hiontaofa, agus a léirítear agus a bhreathnaítear trí iompraíochtaí lena mbaintear leas as an eolas, na scileanna agus na dearcthaí ábhartha chun gníomhaíochtaí nó cúraimí a dhéanamh faoi dhálaí sonraithe';

(7d) ciallaíonn 'oiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta' oiliúint agus measúnú arb iad a bpríomhthréithe treoshuíomh feidhmíochta, béim ar chaighdeáin feidhmíochta agus iad a thomhas, agus oiliúint agus measúnú a fhorbairt de réir na gcaighdeán feidhmíochta sonraithe';

(7e) ciallaíonn 'caighdeán inniúlachta' leibhéal feidhmíochta a shainmhínítear mar leibhéal atá inghlactha chun a léiriú gur baineadh amach inniúlacht shonrach';

(7f) ciallaíonn 'dálaí' aon ní, i gcomhthéacs oiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta, a d'fhéadfadh timpeallacht shonrach a cháiliú ina léireofar feidhmíocht';

(f) cuirtear an pointe (14b) seo a leanas isteach:

'(14b) ciallaíonn 'iompraíocht inbhraite' iompraíocht aonair a bhaineann le ról agus is féidir a urramú agus a d'fhéadfadh a bheith intomhaiste nó gan bheith intomhaiste';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):

'(15) ciallaíonn 'teagasc oiliúna le linn na hoibre' an chéim den oiliúint aonaid ar lena linn a dhéantar inniúlachtaí a bhaineann leis an bpost a sealbhaíodh roimhe sin a chomhtháthú sa chleachtas faoi mhaoirseacht teagascóra oiliúna le linn na hoibre cháilithe i gcás tráchta bheo';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (18):

'(18) ciallaíonn 'critéir feidhmíochta' critéir arb é atá iontu iompraíocht inbhraite, coinníoll amháin nó níos mó agus caighdeán inniúlachta, a úsáidtear chun a mheas ar léiríodh na leibhéil feidhmíochta is gá maidir le hinniúlacht';

(i) cuirtear an pointe (21a) seo a leanas isteach:

'(21a) ciallaíonn 'cianfhoghlaim' cásanna oiliúna ina bhfuil teagascóirí agus mic léinn deighilte go fisiceach agus ina n-idirghníomhaíonn siad go sioncronach nó go haisioncronach agus ina ndéantar faisnéis a tharchur trí mhodhanna teicneolaíochta de ghnáth';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (22) agus (23):

'(22) ciallaíonn 'athnuachan' an gníomh riaracháin a dhéantar tar éis formhuiniú nó deimhniú a bheith imithe in éag agus lena ndéantar pribhléidí an fhormhuinithe nó an deimhnithe a athnuachan go ceann tréimhse shonraithe eile faoi réir ceanglais shonraithe a chomhlíonadh';

(23) ciallaíonn 'athbhailíochtú' an gníomh riaracháin a dhéantar laistigh de thréimhse bhailíochta formhuinithe nó deimhnithe lena gceadaítear don sealbhóir leanúint de phribhléidí formhuinithe nó deimhnithe a fheidhmiú ar feadh tréimhse shonraithe eile faoi réir ceanglais shonraithe a chomhlíonadh';

(k) cuirtear an pointe (32) seo a leanas isteach:

'(32) ciallaíonn 'seomra ranga fíorúil' timpeallacht fhíorúil atá curtha in oiriúint don phróiseas cianfhoghlama, nach n-éilíonn suíomh fisiceach agus ina dtarlaíonn foghlaim shioncronach';

(2) in Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'2. Chun críoch Iarscríbhinn III agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar cheanglais Iarscríbhinn I maidir le soláthraithe seirbhísí aerthrachta, is é an t-údarás inniúil';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I (CUID ATCO) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn II (CUID ATCO.AR) i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn III (CUID ATCO.OR) i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

Deimhnithe ar chríochnú na hoiliúna dá dtagraítear i roinn 2 d'Fhochuid D d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340, ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2029, glacfar leo chun na ceadúnais, na rátálacha agus na formhuinithe ábhartha a eisiúint, a athbhailíochtú nó a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/340 arna leasú leis an Rialachán seo, ar choinníoll go mbeidh an oiliúint agus an measúnú curtha i gcrích faoin 30 Meitheamh 2029.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2029.

Mar sin féin, Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 13 Bealtaine 2026:

(a) Airteagal 1, pointe (1)(d), (i) agus (k);

(b) pointe (2)(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le pointe ATCO.B.025(a)(1) agus (a)(3) d'Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340;

(c) pointe ATCO.C.005 d'Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340;

(d) pointe (2) d'Iarscríbhinn III.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

(1) i bhFochuid A, pointe ATCO.A.015, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) go (f):

'(c) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí ceadúnais pribhléidí a gceadúnais i gcás ina bhfuil amhras orthu maidir le bheith in ann pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú go sábháilte agus sna cásanna sin tabharfaidh siad fógra láithreach don soláthraí seirbhísí aerthráchta ábhartha maidir leis an éagumas sealadach pribhléidí a gceadúnais a fheidhmiú.

(d) Féadfaidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta éagumas sealadach an tsealbhóra ceadúnais a dhearbhú má fhaigheann siad eolas maidir le haon amhras a bhaineann le cumas an tsealbhóra ceadúnais pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú go sábháilte.

(e) Déanfaidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta nósanna imeachta oibiachtúla, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cur ar a gcumas do na sealbhóirí ceadúnais dá dtagraítear i bpointe (c) fógra a thabhairt faoina n-éagumas sealadach, agus chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas.

(f) Beidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (e) sa scéim inniúlachta aonaid i gcomhréir le pointe ATCO.B.025(a)(14).';

(2) Leasaítear Fochuid B mar a leanas:

(a) i bpointe ATCO.B.001, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Comhlíonfaidh iarratasóirí ar eisiúint ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta na ceanglais uile seo a leanas:

(1) beidh 18 mbliana d'aois ar a laghad slánaithe acu;

(2) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, beidh oiliúint tosaigh curtha i gcrích acu in eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) atá ábhartha don rátáil, agus más infheidhme, don fhormhuiniú rátála, beidh pas faighte acu sna scrúduithe agus measúnaithe iomchuí, agus beidh an inniúlacht is gá léirithe acu mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 2;

(3) beidh deimhniú leighis bailí acu;

(4) beidh leibhéal leordhóthanach ábaltachta teanga léirithe acu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe ATCO.B.030.';

(b) i bpointe ATCO.B.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Comhlíonfaidh iarratasóirí ar an gcéad eisiúint ceadúnais rialtóra aerthráchta na ceanglais uile seo a leanas:

(1) beidh ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta ina seilbh acu;

(2) beidh cúrsa formhuinithe aonaid críochnaithe acu, beidh pas faighte acu sna scrúduithe agus sna measúnuithe iomchuí, agus beidh an inniúlacht is gá léirithe acu mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 3;

(3) beidh deimhniú leighis bailí acu;

(4) beidh leibhéal leordhóthanach ábaltachta teanga léirithe acu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe ATCO.B.030.';

(c) i bpointe ATCO.B.010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) I gcás sealbhóir rátála a bhfuil feidhmiú na bpribhléidí a bhaineann leis an rátáil sin stoptha aige ar feadh tréimhse 4 bliana nó níos mó as a chéile roimhe sin, ní fhéadfaidh sé oiliúint le linn na hoibre a thosú sa rátáil sin ach amháin:

(1) i gcás eagraíocht oiliúna, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) agus atá deimhnithe chun oiliúint ábhartha don rátáil a sholáthar, má tá measúnú ar inniúlacht déanta aici roimhe sin i dtaobh an gcomhlíonann an sealbhóir rátála go fóill coinníollacha na rátála sin, agus;

(2) tar éis aon cheanglas oiliúna de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (b)(1) a chomhlíonadh.';

(d) leasaítear pointe ATCO.B.020 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Beidh cúrsa formhuinithe aonaid curtha i gcrích ag iarratasóirí ar fhormhuiniú aonaid, beidh pas faighte acu sna scrúduithe agus measúnaithe iomchuí agus beidh an inniúlacht is gá léirithe acu, mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 3.';

(ii) i bpointe (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'(i) Déanfar formhuinithe aonaid a athbhailíochtú ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) Má dhéantar an formhuiniú aonaid a athbhailíochtú laistigh den tréimhse 3 mhí roimh a dháta éaga, comhairfear an tréimhse bhailíochta nua ón dáta éaga sin';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.025:

'**ATCO.B.025 Scéim inniúlachta aonaid**

(a) Bunóidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta scéim/scéimeanna inniúlachta aonaid agus formheasfaidh an t-údarás inniúil í/iad. Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad i scéim inniúlachta aonaid:

(1) liosta den fhormhuiniú/de na formhuinithe aonaid agus a mbailíocht i gcomhréir le pointe ATCO.B.020(g);

(2) an uastréimhse leanúnach ar lena linn nach bhfeidhmítear pribhléidí formhuinithe aonaid i rith a bhailíochta; ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 90 lá féilire;

(3) chun inniúlacht a choinneáil ar bun, an líon íosta uaireanta an chloig ina bhfeidhmítear pribhléidí an fhormhuinithe aonaid, nó, i gcás Ascnamh Radair Faireachais agus Radar Ascnaimh Bheacht, an líon íosta ascnaimh, ar feadh tréimhse ama roimhe sin, nach faide ná 12 mhí í; maidir le teagascóirí oiliúna le linn na hoibre (TOLO) a fheidhmíonn pribhléidí an fhormhuinithe TOLO, comhairfear an t-am a chaitear ag teagasc le haghaidh uasmhéid 50 % de na huaireanta is gá chun an formhuiniú aonaid a athbhailíochtú;

(4) nósanna imeachta le haghaidh na gcásanna nach gcomhlíonann an sealbhóir ceadúnais na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a)(2) agus (3);

(5) próisis chun inniúlacht a mheasúnú, lena n-áirítear na critéir feidhmíochta shainithe;

(6) próisis chun iniúchadh a dhéanamh ar an eolas agus an tuiscint theoiriciúil is gá chun pribhléidí na rátálacha agus na bhformhuinithe a fheidhmiú;

(7) próisis chun ábhar na hoiliúna agus na modhanna oiliúna leanúna a shainaithint;

(8) íostréimhse agus minicíocht an uasghrádaithe scileanna;

(9) próisis um iniúchadh ar an eolas teoiriciúil agus/nó um measúnú ar scileanna praiticiúla arna n-athbhreithniú, arna dtreisiú nó arna bhfeabhsú le linn uasghrádaithe scileanna i gcomhréir le pointe ATCO.D.080(d);

(10) próisis um iniúchadh ar an eolas teoiriciúil agus/nó um measúnú ar scileanna praiticiúla arna sealbhú le linn seachoiliúna i gcomhréir le pointe ATCO.D.085;

(11) próisis i gcás go dteiptear i scrúdú nó measúnú, lena n-áirítear na próisis achomhairc;

(12) cáilíochtaí, róil agus freagrachtaí na foirne oiliúna;

(13) nós imeachta chun a áirithiú go bhfuil inniúlachtaí teagaisc cleachta ag na teagascóirí praiticiúla, ag úsáid na nósanna imeachta a gcuirtear teagasc ar fáil iontu i gcomhréir le pointe ATCO.C.010(b)(3) agus pointe ATCO.C.030(d)(3);

(14) nósanna imeachta um dhearbhú agus bainistiú cásanna d'éagumas sealadach maidir le pribhléidí ceadúnais a chleachtadh, agus um an údarás inniúil a chur ar an eolas i gcomhréir le pointe ATCO.A.015(e);

(15) sainaithint na dtaifead atá le coinneáil agus a bhaineann go sonrach le hoiliúint leanúna, measúnuithe agus aon taifead eile a bhaineann leis na próisis thuas;

(16) próiseas chun an scéim inniúlachta aonaid a athbhreithniú, a leasú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil agus na cúiseanna atá leis an méid sin; déanfar an t-athbhreithniú ar an scéim inniúlachta aonaid uair amháin gach 3 bliana ar a laghad.

(b) Chun an ceanglas a leagtar amach i bpointe (a)(3) a chomhlíonadh, coinneoidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta taifid de na huaireanta a bhfeidhmíonn gach sealbhóir ceadúnais pribhléidí na bhformhuinithe aonaid atá aige lena linn agus é ag obair in earnálacha, i ngrúpa earnálacha lena n-áirítear suíomhanna oibre nó i suíomhanna oibre san aonad rialaithe aerthráchta, agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil do na húdaráis inniúla agus don sealbhóir ceadúnais ach sin a iarraidh.

(c) Agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (a)(4) agus i bpointe(14) á suí, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta go gcuirfear sásraí i bhfeidhm chun cóir chothrom le sealbhóirí ceadúnais a ráthú i gcás nach féidir síneadh a chur le bailíocht a bhformhuinithe.';

(f) i bpointe ATCO.B.030, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) D'ainneoin phointe (c), féadfaidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta leibhéal sínte (leibhéal a cúig) den scála rátála ábaltachta teanga a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn I a éileamh, i gcás ina n-éilíonn imthosca oibríochtúla na rátála nó an fhormhuinithe ar leith leibhéal níos airde ábaltachta teanga ar mhórchúiseanna sábháilteachta. Beidh ceanglas den sórt sin neamh-idirdhealaitheach, comhréireach, trédhearcach agus beidh údar oibiachtúil leis ag an soláthraí seirbhísí aerthráchta is mian leis an leibhéal ábaltachta níos airde a chur i bhfeidhm agus déanfaidh an t-údarás inniúil é a fhormheas.';

(g) i bpointe ATCO.B.035, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Déanfar formhuinithe ábaltachta teanga a athbhailíochtú tar éis an tástáil ábaltachta teanga a chur i gcrích go rathúil laistigh den tréimhse 3 mhí roimh a ndáta éaga. Sna cásanna sin, comhairfear an tréimhse bhailíochta nua ón dáta éaga sin.';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.040:

'**ATCO.B.040 Ábaltacht teanga a thástáil**

(a) Léireofar an ábaltacht teanga trí mhodh tástála arna bhformheas ag aon údarás inniúil. Beidh gach ceann díobh seo a leanas sa mhodh tástála:

(1) an próiseas trína ndéantar tástáil;

(2) cáilíocht na ndaoine atá freagrach as an ábaltacht teanga a thástáil;

(3) an nós imeachta achomhairc.

(b) Comhlíonfaidh comhlachtaí tástála teanga na ceanglais arna suí ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le pointe ATCO.AR.A.010'.

(i) i bpointe ATCO.B.045, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh de phointe (a):

'(a) Cuirfidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta oiliúint teanga ar fáil chun an leibhéal ábaltachta teanga is gá a bheith ag rialtóirí aerthráchta a choinneáil ar bun chun an méid seo a leanas a dhéanamh:'

(3) Leasaítear Fochuid C mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.001:

'**ATCO.C.001 Teagascóirí teoiriciúla**

(a) Teagascóirí atá cáilithe go hiomchuí amháin a dhéanfaidh an oiliúint theoiriciúil.

(b) Tá teagascóir teoiriciúil cáilithe go hiomchuí má chomhlíonann sé an dá choinníoll seo a leanas:

(1) tá cáilíocht ghairmiúil aige atá iomchuí don ábhar atá á mhúineadh nó tá eolas agus taithí leordhóthanach léirithe aige don eagraíocht oiliúna;

(2) tá scileanna teagaisc léirithe go sásúil aige don eagraíocht oiliúna'.

(ab) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.005:

'**ATCO.C.005 Teagascóirí praiticiúla**

(a) Ní dhéanfaidh duine oiliúint phraiticiúil ach amháin nuair atá ceadúnas rialtóra aerthráchta ag an duine sin agus lena ngabhann formhuiniú teagascóra oiliúna le linn na hoibre nó formhuiniú teagascóra feistí oiliúna ionsamhalta eitilte (TFOIE).

(b) D'ainneoin phointe (a), féadfar duine a údarú chun teagasc a thabhairt ar fheistí oiliúna ionsamhalta eitilte má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(1) tá ceadúnas náisiúnta rialtóra aerthráchta míleata arna eisiúint ag Ballstát ag an duine sin nó bhí an ceadúnas sin ina sheilbh aige, mar aon le rátáil agus, más infheidhme, formhuiniú rátála a chomhfhreagraíonn don cheann a bhfuil an duine sin údaraithe a theagasc nó measúnú a dhéanamh ina leith;

(2) léirigh an duine sin don údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 6 gur fheidhmigh sé pribhléidí an cheadúnais mhíleata náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (b)(1) agus go bhfuair sé oiliúint agus gur éirigh leis i measúnuithe, mar a cheanglaítear le pointe ATCO.C.035;

(3) gur léirigh an duine sin go bhfuil ceanglais ábhartha Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) á gcomhlíonadh aige i gcomhréir leis an tuarascáil tiontaithe náisiúnta arna suí ag an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8a.

(c) Beidh na pribhléidí dá dtagraítear i bpointe (b) teoranta do sholáthar teagaisc agus measúnaithe ar na hábhair dá dtagraítear i bpointe ATCO.C.030 (a)(1) agus a fheidhmítear i gcomhréir le pointe ATCO.C.040 le haghaidh eagraíochtaí um oiliúint do rialtóirí aerthráchta atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán seo.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.010:

'**ATCO.C.010 Pribhléidí an teagascóra oiliúna le linn na hoibre (TOLO)**

(a) Tá sealbhóirí formhuinithe TOLO údaraithe chun oiliúint phraiticiúil agus maoirseacht phraiticiúil a chur ar fáil maidir le poist oibre oibríochtúla a bhfuil formhuiniú bailí aonaid acu agus maidir le feistí oiliúna sintéiseacha sna rátálacha a shealbhaítear.

(b) Tá sealbhóirí formhuinithe TOLO údaraithe freisin chun measúnuithe a dhéanamh chun críche bunoiliúna, réamhoiliúna le linn na hoibre, oiliúna leanúna agus uasghrádaithe scileanna do theagascóirí praiticiúla.

(c) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí formhuinithe TOLO pribhléidí an fhormhuinithe ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) tá pribhléid na rátála ina dtabharfaidh siad teagasc feidhmithe acu le 2 bhliain ar a laghad;

(2) tá pribhléid an fhormhuinithe bhailí aonaid ina dtabharfar teagasc feidhmithe acu ar feadh na tréimhse 6 mhí ar a laghad roimhe sin;

(3) tá inniúlachtaí teagaisc cleachta acu trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta sin ina bhfuil sé beartaithe teagasc a sholáthar, i gcomhréir le pointe ATCO.B.025(a)(13).

(d) Féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear i bpointe (c)(1) a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain má iarrann an eagraíocht oiliúna sin.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.015:

'**ATCO.C.015 Iarratas ar fhormhuiniú um theagascóir oiliúna le linn na hoibre**

Comhlíonfaidh iarratasóirí ar fhormhuiniú TOLO a eisiúint na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá ceadúnas rialtóra aerthráchta acu agus formhuiniú bailí aonaid ag gabháil leis;

(b) tá na pribhléidí feidhmithe acu a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad roimh an iarratas; féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse sin a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain má iarrann an eagraíocht oiliúna sin;

(c) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, tá cúrsa inniúlachtaí praiticiúla teagaisc curtha i gcrích acu, pas faighte acu sa mheasúnú iomchuí, agus an inniúlacht is gá léirithe acu, mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 5.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.020:

'**ATCO.C.020 Bailíocht an fhormhuinithe um theagascóir oiliúna le linn na hoibre**

(a) Beidh an formhuiniú TOLO bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.

(b) Féadfar an formhuiniú TOLO a athbhailíochtú trí chúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí praiticiúla teagaisc a chur i gcrích le linn a bhailíochta, lena n-áirítear measúnú iomchuí, ar choinníoll go gcomhlíontar an ceanglas i bpointe ATCO.C.015(a).

(c) Má tá an formhuiniú TOLO imithe in éag, féadfar é a athnuachan trí chúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí praiticiúla teagaisc a chur i gcrích laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, agus trí phas a fháil sa mheasúnú iomchuí, ar choinníoll go gcomhlíontar an ceanglas i bpointe ATCO.C.015(a).

(d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosóidh tréimhse bhailíochta an fhormhuinithe TOLO tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.

(e) Mura gcomhlíontar an ceanglas i bpointe ATCO.C.015(a), féadfar an formhuiniú TOLO a mhalartú ar fhormhuiniú TFOIE, ar choinníoll go n-áirithítear go gcomhlíontar an ceanglais i bpointe ATCO.C.040 (b) agus (c).';

(e) i bpointe ATCO.C.025, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) I gcás nach féidir na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe ATCO.C.010(b)(2) a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú sealadach TOLO a dheonú bunaithe ar anailís sábháilteachta arna cur i láthair ag an soláthraí seirbhísí aerthráchta, i gcomhréir le pointe ATCO.B.020(c)';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.030:

'**ATCO.C.030 Pribhléidí an teagascóra feistí oiliúna ionsamhalta eitilte (TFOIE)**

(a) Beidh sealbhóirí formhuinithe TFOIE údaraithe chun oiliúint phraiticiúil ar fheistí oiliúna ionsamhalta eitilte a chur ar fáil le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:

(1) ábhair de chineál praiticiúil le linn na hoiliúna tosaigh;

(2) oiliúint aonaid seachas oiliúint le linn na hoibre;

(3) oiliúint leanúna.

(b) Beidh sealbhóirí formhuinithe TFOIE údaraithe freisin chun measúnuithe a dhéanamh chun críche bunoiliúna, réamhoiliúna le linn na hoibre, oiliúna leanúna agus uasghrádaithe scileanna do theagascóirí praiticiúla.

(c) I gcás ina bhfuil réamhoiliúint le linn na hoibre á soláthar ag TFOIE nó ina bhfuil measúnú á dhéanamh aige le linn reámhoiliúint le linn na hoibre, beidh an formhuiniú aonaid ábhartha ina sheilbh aige nó sealbhaithe tráth.

(d) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí formhuinithe TFOIE pribhléidí an fhormhuinithe ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) tá 2 bhliain ar a laghad de thaithí acu sa rátáil ina dtabharfaidh siad teagasc;

(2) tá eolas léirithe acu ar chleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair;

(3) tá inniúlachtaí teagaisc cleachta acu agus na nósanna imeachta sin a gcuirtear teagasc ar fáil iontu á n-úsáid.

(e) Mar eisceacht ar phointe (d)(1), féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear i bpointe (d)(1) a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain má iarrann an eagraíocht oiliúna sin:

(1) chun críche bunoiliúna, is iomchuí aon rátáil atá i seilbh an duine;

(2) chun críche oiliúna rátála, féadfaidh TFOIE ag a bhfuil an rátáil atá ábhartha don chúram oibríochtúil sonrach agus roghnaithe sin oiliúint a sholáthar le haghaidh cúraimí oibríochtúla sonracha agus roghnaithe.';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.035:

'**ATCO.C.035 Iarratas ar fhormhuiniú um theagascóir feistí oiliúna ionsamhalta eitilte**

Comhlíonfaidh iarratasóirí ar fhormhuiniú TFOIE a eisiúint an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá na pribhléidí a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta feidhmithe acu maidir le rátáil ar bith ar feadh 2 bhliain ar a laghad; féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse sin a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain má iarrann an eagraíocht oiliúna sin;

(b) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, tá cúrsa inniúlachtaí praiticiúla teagaisc curtha i gcrích acu, pas faighte acu sa mheasúnú iomchuí, agus an inniúlacht is gá léirithe acu, mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 5.';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.040:

'**ATCO.C.040 Bailíocht an fhormhuinithe um theagascóir feistí oiliúna ionsamhalta eitilte**

(a) Beidh an formhuiniú TFOIE bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.

(b) Féadfar an formhuiniú TFOIE a athbhailíochtú trí chúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí praiticiúla teagaisc a chur i gcrích le linn a bhailíochta, lena n-áirítear measúnú iomchuí. I gcás TFOIEnna nach bhfuil formhuiniú bailí aonaid acu, áiritheofar go mbeidh eolas ar na cleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair acu.

(c) I gcás ina bhfuil an formhuiniú TFOIE imithe in éag, féadfar é a athnuachan, más amhlaidh, laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas comhlíonta ag sealbhóir an fhormhuinithe TFOIE:

(1) tá cúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí praiticiúla teagaisc curtha i gcrích aige;

(2) tá pas faighte aige sa mheasúnú iomchuí.

Chun críoch phointe (1), i gcás nach bhfuil formhuiniú bailí aonaid ag TFOIE, áiritheofar go mbeidh eolas ar na cleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair aige.

(d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosóidh tréimhse bhailíochta an fhormhuinithe TFOIE tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.045:

'**ATCO.C.045 Pribhléidí measúnóra**

(a) Beidh sealbhóirí formhuinithe measúnóra údaraithe chun measúnuithe a dhéanamh:

(1) le linn na hoiliúna tosaigh chun ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint nó chun rátáil nua agus/nó formhuiniú rátála a eisiúint, más infheidhme;

(2) ar inniúlacht roimhe sin chun críoch phointí ATCO.B.001(d), ATCO.B.005(e) agus ATCO.B.010(b);

(3) ar mhic léinn rialtóirí aerthráchta chun formhuiniú aonaid agus formhuiniú/formhuinithe rátála a eisiúint, más infheidhme;

(4) ar rialtóirí aerthráchta chun formhuiniú aonaid agus formhuiniú/formhuinithe rátála a eisiúint, más infheidhme, chomh maith leis an athbhailíochtú agus athnuachan ar fhormhuiniú aonaid;

(5) ar theagascóirí praiticiúla is iarratasóir nó ar mheasúnóirí is iarratasóir má áirithítear na ceanglais i bpointí (c)(2), (3) agus (4).

(b) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí formhuinithe measúnóra pribhléidí an fhormhuinithe ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) tá 2 bhliain ar a laghad de thaithí acu sa rátáil agus san fhormhuiniú/sna formhuinithe rátála ar a ndéanfaidh siad measúnú;

(2) tá eolas léirithe acu ar chleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair.

(c) De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b), ní fheidhmeoidh sealbhóirí formhuinithe measúnóra pribhléidí an fhormhuinithe ach sna cásanna seo a leanas:

(1) le haghaidh measúnuithe as a dtagann eisiúint, athbhailíochtú nó athnuachan ar fhormhuiniú aonaid, má tá an formhuiniú aonaid acu freisin a bhaineann leis an measúnú agus má fheidhmigh siad pribhléidí an fhormhuinithe sin ar feadh tréimhse 1 bhliain ar a laghad roimhe;

(2) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú TFOIE a eisiúint, a athbhailíochtú nó a athnuachan, má tá pribhléidí an fhormhuinithe TFOIE nó TOLO feidhmithe acu ar feadh 3 bliana ar a laghad;

(3) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú TOLO a eisiúint, a athbhailíochtú nó a athnuachan, má tá pribhléidí an fhormhuinithe TOLO feidhmithe acu ar feadh 3 bliana ar a laghad;

(4) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú measúnóra a eisiúint, a athbhailíochtú nó a athnuachan, má tá pribhléidí an fhormhuinithe measúnóra feidhmithe acu ar feadh 3 bliana ar a laghad.

(d) Agus measúnú á dhéanamh chun formhuiniú aonaid a eisiúint nó a athnuachan, agus chun maoirseacht ar an bpost oibre oibríochtúil a áirithiú, beidh formhuiniú TOLO ag an measúnóir freisin, nó beidh TOLO ag a bhfuil an formhuiniú bailí aonaid a ghabhann leis an measúnú i láthair.';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.055:

'**ATCO.C.055 Iarratas ar fhormhuiniú measúnóra**

Comhlíonfaidh iarratasóirí ar fhormhuiniú measúnóra a eisiúint an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá na pribhléidí a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta feidhmithe acu ar feadh 2 bhliain ar a laghad;

(b) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, tá cúrsa oiliúna measúnóra curtha i gcrích acu, pas faighte acu sa mheasúnú iomchuí, agus an inniúlacht is gá léirithe acu, mar a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 5.';

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.060:

'**ATCO.C.060 Bailíocht an fhormhuinithe measúnóra**

(a) Beidh an formhuiniú measúnóra bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.

(b) Féadfar an formhuiniú measúnóra a athbhailíochtú trí chúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí measúnaithe a chur i gcrích le linn a bhailíochta, lena n-áirítear measúnú iomchuí. I gcás measúnóirí nach bhfuil formhuiniú bailí aonaid acu, áfach, áiritheofar go mbeidh eolas ar na cleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair acu.

(c) Má tá an formhuiniú measúnóra imithe in éag, féadfar é a athnuachan, laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, tríd an dá choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) cúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí measúnaithe a chur i gcrích;

(2) pas a fháil sa mheasúnú iomchuí.

Chun críoch phointe (1), i gcás nach bhfuil formhuiniú bailí aonaid ag an measúnóir, áiritheofar go mbeidh eolas ar na cleachtais oibríochtúla atá ann faoi láthair aige.

(d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosóidh tréimhse bhailíochta an fhormhuinithe measúnóra tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.';

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.065:

'**ATCO.C.065 Údarú measúnóra sealadach**

(a) Nuair nach féidir an ceanglas dá bhforáiltear i bpointe ATCO.C.045(d)(1) a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás inniúil sealbhóirí formhuinithe measúnóra arna eisiúint i gcomhréir le pointe ATCO.C.055 a údarú chun na measúnuithe dá dtagraítear i bpointí ATCO.C.045(b)(3) agus (4) a dhéanamh chun cásanna eisceachtúla a chumhdach nó chun neamhspleáchas an mheasúnaithe a áirithiú, ar choinníoll go bhfuil formhuiniú aonaid ag sealbhóir an fhormhuinithe measúnóra freisin leis an rátáil ghaolmhar agus, más infheidhme, leis an bhformhuiniú rátála, atá ábhartha don mheasúnú le haghaidh na tréimhse bliana amháin roimhe sin ar a laghad.

(b) Chun cásanna eisceachtúla a chumhdach, beidh an t-údarú measúnóra sealadach teoranta do na measúnuithe is gá chun cásanna eisceachtúla a chumhdach agus ní rachaidh sé thar 1 bhliain nó thar bhailíocht an fhormhuinithe measúnóra arna eisiúint i gcomhréir le pointe ATCO.C.055, cibé acu is luaithe a tharlóidh.

(c) Chun neamhspleáchas an mheasúnaithe a áirithiú ar chúiseanna de chineál athfhillteach, is é an t-údarás inniúil a chinnfidh bailíocht an údaraithe measúnóra sealadach ach ní rachaidh sí thar bhailíocht an fhormhuinithe measúnóra arna eisiúint i gcomhréir le pointe ATCO.C.055.

(d) Ar na cúiseanna dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), féadfaidh an t-údarás inniúil údarú measúnóra sealadach a dheonú bunaithe ar anailís sábháilteachta a bheidh le cur i láthair ag an soláthraí seirbhísí aerthráchta.';

(4) Leasaítear Fochuid D mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.001:

'**ATCO.D.001 Cuspóirí na hoiliúna do rialtóirí aerthráchta**

Cumhdófar le hoiliúint do rialtóirí aerthráchta iomlán na gcúrsaí teoiriciúla, na gcleachtaí praiticiúla, lena n-áirítear ionsamhlúchán, agus na hoiliúna le linn na hoibre is gá chun na hinniúlachtaí a fháil agus a choinneáil ar bun chun seirbhísí rialaithe aerthráchta atá sábháilte, ordúil agus gasta a sholáthar';

(b) cuirtear an pointe ATCO.D.003 seo a leanas isteach:

'**ATCO.D.003 Prionsabail na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta**

(a) Leanfaidh eagraíochtaí oiliúna prionsabail na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta agus pleananna oiliúna agus cúrsaí á bhforbairt acu le haghaidh gach cineáil oiliúna.

(b) Agus pleananna agus cúrsaí oiliúna á bhforbairt acu, áiritheoidh na heagraíochtaí oiliúna gach ceann díobh seo a leanas:

(1) tá nasc sainráite idir an fheidhmíocht is gá agus na hinniúlachtaí a bhfuil oiliúint le tabhairt maidir leo agus measúnú le déanamh orthu;

(2) tá próiseas ann chun comhsheasmhacht a áirithiú idir teagascóirí agus measúnóirí a dhéanann measúnú ar an bhfeidhmíocht chéanna trí úsáid a bhaint as an tsamhail inniúlachta oiriúnaithe chéanna;

(3) tá an measúnú ar inniúlachtaí bunaithe ar bharúlacha iomadúla i gcomhthéacsanna éagsúla a dheimhnítear leis an tuarascáil mheasúnaithe.

(c) Le go measfar é a bheith inniúil, léireoidh duine aonair feidhmíocht chomhtháite na n-inniúlachtaí uile a shainítear sa tsamhail ábhartha inniúlachta oiriúnaithe.';

(c) i bpointe ATCO.D.005(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) oiliúint tosaigh, a dtiocfaidh eisiúint ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta nó eisiúint rátála breise aisti agus, más infheidhme, formhuiniú breise, lena soláthraítear:

(i) 'bunoiliúint': oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil atá ceaptha chun eolas bunúsach agus inniúlachtaí a bhaineann le nósanna imeachta bunúsacha oibríochtúla a thabhairt, agus chun an mac léinn a ullmhú le haghaidh oiliúint rátála;

(ii) 'oiliúint rátála': oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil atá ceaptha chun eolas agus inniúlachtaí a bhaineann le rátáil shonrach agus, más infheidhme, le formhuiniú rátála a thabhairt;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.010:

'**ATCO.D.010 Comhdhéanamh na hoiliúna tosaigh**

(a) Maidir le hoiliúint tosaigh a bheartaítear d'iarratasóir ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta nó le haghaidh rátáil bhreise agus/nó, más infheidhme, formhuiniú rátála, beidh bunoiliúint agus oiliúint rátála i gceist léi.

(1) Cuimseoidh an bhunoiliúint na hábhair seo a leanas uile:

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

(2) Beidh na hábhair go léir a bhaineann le ceann amháin ar a laghad de na rátálacha seo a leanas i gceist leis an oiliúint rátála:

(i) Rátáil Rialaithe Aeradróim

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

ÁBHAR 9: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

ÁBHAR 10: AERADRÓIM

(ii) Rátáil Nós Imeachta um Rialú Ascnaimh

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

ÁBHAR 9: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

ÁBHAR 10: AERADRÓIM

(iii) Rátáil Nós Imeachta um Rialú Limistéir

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

ÁBHAR 9: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

(iv) Rátáil Faireachais um Rialú Ascnaimh

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

ÁBHAR 9: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

ÁBHAR 10: AERADRÓIM

(v) Rátáil Faireachais um Rialú Limistéir

ÁBHAR 1: DLÍ EITLÍOCHTA

ÁBHAR 2: BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

ÁBHAR 3: MEITÉAREOLAÍOCHT

ÁBHAR 4: LOINGSEOIREACHT

ÁBHAR 5: AERÁRTHAÍ

ÁBHAR 6: GNÉITHE DAONNA

ÁBHAR 7: TREALAMH AGUS CÓRAIS

ÁBHAR 8: TIMPEALLACHT GHAIRMIÚIL

ÁBHAR 9: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

(b) Is éard a bheidh san oiliúint atá beartaithe le haghaidh rátáil bhreise na hábhair is infheidhme maidir le ceann amháin de na rátálacha dá dtagraítear i bpointe (a)(2).

(c) I gcás oiliúint atá beartaithe chun rátáil a athghníomhachtú tar éis measúnú ar inniúlacht roimhe nár éirigh leis i gcomhréir le pointe ATCO.B.010(b) déanfar an oiliúint sin a chur in oiriúint de réir thoradh an mheasúnaithe sin.

(d) Beidh oiliúint atá beartaithe le haghaidh formhuiniú rátála comhdhéanta d'ábhair, de thopaicí agus d'fhothopaicí arna bhforbairt ag an eagraíocht oiliúna agus arna bhformheas mar chuid den chúrsa oiliúna.

(e) Féadfar bunoiliúint agus oiliúint rátála a chomhlánú le hábhair, topaicí nó fothopaicí atá sa bhreis nó a bhaineann go sonrach leis an mbloc feidhme aerspáis nó leis an timpeallacht náisiúnta.';

(e) i bpointe ATCO.D.015, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) próisis le haghaidh scrúduithe agus measúnuithe i gcomhréir le pointí ATCO.D.025 agus ATCO.D.035';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.025:

'**ATCO.D.025 Scrúduithe agus measúnú bunoiliúna**

(a) I gcúrsaí bunoiliúna beidh scrúdú teoiriciúil/scrúduithe teoiriciúla ar ábhair a liostaítear i bpointe ATCO.D.010(a)(1) agus measúnú/measúnuithe.

(b) Bronnfar pas i scrúdú teoiriciúil/scrúduithe teoiriciúla d'iarrthóir a bhainfidh 75 % ar a laghad de na marcanna atá leithdháilte don scrúdú sin amach.

(c) Déanfar na hinniúlachtaí seo a leanas, ar a laghad, a mheasúnú:

(1) feasacht staide: an staid oibríochtúil atá ann faoi láthair a thuiscint agus imeachtaí amach anseo a thuiscint;

(2) bainistiú tráchta agus toillte: sreabhadh tráchta sábháilte ordúil a choinneáil ar bun;

(3) scaradh agus réiteach coinbhleachta: freagairt do choinbhleachtaí tráchta a d'fhéadfadh a bheith ann agus deighilt a choinneáil ar bun;

(4) cumarsáid: cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach;

(5) comhordú: comhordú a chur i bhfeidhm idir an fhoireann i bpoist oibríochtúla agus le páirtithe leasmhara eile a ndéantar difear dóibh;

(6) féinbhainistíocht: tréithe pearsanta a chuireann feabhas ar fheidhmíocht a léiriú;

(7) obair bhuíne: oibriú i gcomhar go gníomhach chun sprioc choiteann a bhaint amach.

(d) Déanfar measúnú/measúnuithe ar fheiste oiliúna pháirt-taisc nó ar ionsamhlóir.

(e) Bronnfar pas i measúnú/measúnuithe d'iarrthóir a léireoidh go comhsheasmhach na hinniúlachtaí atá sainithe i bpointe (c).';

(g) scriostar pointe ATCO.D.030;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.035:

'**ATCO.D.035 Scrúduithe agus measúnú oiliúna rátála**

(a) I gcúrsaí rátála beidh scrúdú teoiriciúil/scrúduithe teoiriciúla ar ábhair a liostaítear i bpointe ATCO.D.010(a)(2) le haghaidh ceann amháin de na rátálacha ar a laghad agus measúnú/measúnuithe.

(b) Bronnfar pas i scrúdú teoiriciúil/scrúduithe teoiriciúla d'iarrthóir a bhainfidh 75 % ar a laghad de na marcanna atá leithdháilte don scrúdú sin amach.

(c) Déanfar na hinniúlachtaí seo a leanas, ar a laghad, a mheasúnú:

(1) feasacht staide: an staid oibríochtúil atá ann faoi láthair a thuiscint agus imeachtaí amach anseo a réamh-mheas;

(2) bainistiú tráchta agus toillte: sreabhadh tráchta atá sábháilte, ordúil agus éifeachtúil a áirithiú, agus faisnéis fhíor-riachtanach a sholáthar maidir leis an timpeallacht agus maidir le cásanna a d'fhéadfadh a bheith contúirteach;

(3) scaradh agus réiteach coinbhleachta: coinbhleachtaí tráchta a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú agus deighilt a choinneáil ar bun;

(4) cumarsáid: cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i ngach staid oibríochtúil;

(5) comhordú: comhordú a bhainistiú idir an fhoireann i bpoist oibríochtúla agus le páirtithe leasmhara eile a ndéantar difear dóibh;

(6) cásanna neamhghnáthaimh a bhainistiú: cásanna neamhghnácha nó éigeandála a mbíonn tionchar acu ar oibríochtaí a bhrath agus freagairt dóibh;

(7) fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht: teacht ar réitigh agus réitigh a chur chun feidhme maidir le bagairtí sainaitheanta agus staideanna neamh-inmhianaithe gaolmhara;

(8) féinbhainistíocht: tréithe pearsanta a léiriú lena bhfeabhsaítear feidhmíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach san fhéinfhoghlaim agus san fhéinfhorbairt a choinneáil ar bun;

(9) an t-ualach oibre a bhainistiú: na hacmhainní atá ar fáil a úsáid chun cúraimí a chur in ord tosaíochta agus a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil;

(10) obair bhuíne: oibriú i gcomhar go gníomhach chun sprioc choiteann a bhaint amach.

(d) Déanfar measúnú/measúnuithe in ionsamhlóir.

(e) Bronnfar pas i measúnú/measúnuithe ar iarrthóir a léiríonn go comhsheasmhach na hinniúlachtaí a shainítear i bpointe (c) den chaighdeán inniúlachta agus faoi na coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an rátáil atá le baint amach.';

(i) scriostar pointe ATCO.D.040;

(j) cuirtear an pointe ATCO.D.043 seo a leanas isteach:

'**ATCO.D.043 Prionsabail na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta le haghaidh oiliúint aonaid**

Agus pleananna agus cúrsaí oiliúna á bhforbairt le haghaidh oiliúint aonaid, áiritheoidh eagraíochtaí oiliúna, sa bhreis ar na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe ATCO.D.003, gach ceann díobh seo a leanas:

(a) sainiú soiléir maidir leis na hinniúlachtaí ábhartha;

(b) foirmliú na n-inniúlachtaí [ar bhealach] lena n-áirithítear gur féidir oiliúint a chur orthu, iad a bhreathnú agus a mheasúnú go comhsheasmhach i réimse leathan comhthéacsanna oibre;

(c) bunaítear critéir shoiléire feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht.';

(k) i bpointe ATCO.D.055(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

'(4) an próiseas chun an cúrsa/na cúrsaí formhuinithe aonaid a sheoladh;';

(l) i bpointe ATCO.D.060, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Saineoidh cúrsaí formhuinithe aonaid an siollabas i gcomhréir le pointe ATCO.D.045(c), na critéir feidhmíochta is gá i gcomhréir le pointe ATCO.D.043(c), agus déanfar iad i gcomhréir leis an bplean oiliúna aonaid.';

(m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.070:

'**ATCO.D.070 Measúnuithe le linn cúrsaí formhuinithe aonaid**

(a) Déanfar an measúnú sa timpeallacht oibríochtúil faoi ghnáthdhálaí oibríochtúla uair amháin ar a laghad ag deireadh na hoiliúna le linn na hoibre.

(b) I gcás ina mbeidh céim réamhoiliúna le linn na hoibre sa chúrsa formhuinithe aonaid, déanfar measúnú ar inniúlachtaí an iarrthóra maidir le feiste oiliúna ionsamhalta eitilte ag deireadh na céime sin ar a laghad.

(c) D'ainneoin phointe (a), féadfar seisiúin feistí oiliúna ionsamhalta eitilte agus agallaimh ó bhéal a úsáid chun an measúnú a fhorlíonadh chun cur i bhfeidhm nósanna imeachta oilte nár thángthas orthu sa timpeallacht oibríochtúil le linn an mheasúnaithe a léiriú.';

(n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.075:

'**ATCO.D.075 Oiliúint leanúna**

Is éard a bheidh san oiliúint leanúna cúrsaí uasghrádaithe scileanna agus, i gcás inarb ábhartha, cúrsaí seachoiliúna, agus soláthrófar í de réir na gceanglas atá sa scéim inniúlachta aonaid dá dtagraítear i bpointe ATCO.B.025.';

(o) leasaítear pointe ATCO.D.080 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) Dearfar an t-uasghrádú scileanna sa chaoi go mbeifear in ann an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá ag rialtóirí aerthráchta cheana a athbhreithniú, a threisiú nó a fheabhsú chun sreabhadh sábháilte, ordúil agus gasta aerthráchta a sholáthar agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad ann:

(1) oiliúint i gcleachtais agus i nósanna imeachta caighdeánacha, trí fhrásaíocht fhormheasta agus cumarsáid éifeachtach a úsáid;

(2) oiliúint i staideanna neamhghnácha agus éigeandála, trí fhrásaíocht fhormheasta agus cumarsáid éifeachtach a úsáid; agus

(3) oiliúint i ngnéithe daonna.

(c) Saineofar siollabas don chúrsa/do na cúrsaí uasghrádaithe scileanna agus i gcás ina ndéantar inniúlachtaí sonracha rialtóirí aerthráchta a athnuachan leis an gcúrsa/na cúrsaí, roghnófar na hiompraíochtaí inbhraite iomchuí ón tsamhail inniúlachta oiriúnaithe.';

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

'(d) San uasghrádú scileanna beidh scrúduithe nó measúnuithe ina n-úsáidfear na próisis a thuairiscítear sa scéim inniúlachta aonaid';

(p) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.085:

'**ATCO.D.085 Seachoiliúint**

(a) Déanfaidh eagraíochtaí oiliúna an cúrsa/na cúrsaí seachoiliúna a fhorbairt agus a sholáthar agus déanfaidh an t-údarás inniúil iad a fhormheas.

(b) Dearfar cúrsa/cúrsaí seachoiliúna chun eolas agus scileanna a chur ar fáil atá iomchuí d'athrú sa timpeallacht oibríochtúil agus cuirfidh eagraíochtaí oiliúna ar fáil iad nuair a shainaithnítear sa mheasúnú sábháilteachta ar an athrú go bhfuil gá le hoiliúint den sórt sin.

(c) Áireofar le cúrsa/cúrsaí seachoiliúna an dá cheann díobh seo a leanas a chinneadh:

(1) an modh oiliúna iomchuí don chúrsa agus fad an chúrsa, agus cineál agus méid an athraithe á gcur san áireamh;

(2) na modhanna scrúdúcháin nó measúnúcháin don tseachoiliúint.

(d) Nuair a thugtar formhuiniú aonaid isteach mar thoradh ar athrú ar an gcóras feidhmiúil, tá gá le measúnú chun go bhféadfar an formhuiniú aonaid nua a eisiúint.

(e) Cuirfear seachoiliúint ar fáil sula bhfeidhmeoidh rialtóirí aerthráchta pribhléidí a gceadúnais sa timpeallacht oibríochtúil athraithe.';

(q) cuirtear an pointe ATCO.D.087 seo a leanas isteach:

‘**ATCO.D.087 Prionsabail le haghaidh oiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta le haghaidh teagascóirí praiticiúla agus measúnóirí**

(a) Leis an oiliúint do theagascóirí praiticiúla agus do mheasúnóirí i dtimpeallacht atá leagtha amach ar bhonn inniúlachta, áiritheofar an méid seo a leanas:

(1) prionsabail na hoiliúna agus an mheasúnaithe ar bhonn inniúlachta a thuiscint go hiomlán;

(2) eolas mionsonraithe a bheith acu ar an tsamhail inniúlachta oiriúnaithe agus ar na próisis chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht.

(b) I dtimpeallacht atá leagtha amach ar bhonn inniúlachta, déanfaidh teagascóir praiticiúil an méid seo a leanas:

(1) treoir a thabhairt ar bhonn an phlean oiliúna agus na n-ábhar oiliúna gaolmhar;

(2) fiúntas fheidhmíocht na ndaoine faoi oiliúint a thuiscint agus aiseolas tráthúil agus leanúnach a thabhairt ina leith;

(3) an tsamhail inniúlachta oiriúnaithe a úsáid chun bunchúis/bunchúiseanna deacrachtaí feidhmíochta a dhiagnóisiú;

(4) aitheantas a thabhairt do na dúshláin a bhaineann le heasnaimh sna próisis chognaíocha a threorú agus a dhiagnóisiú;

(5) saincheisteanna a bhaineann le dearcadh a bhainistiú trí dhearcadh dearfach agus gairmiúil a áirithiú.

(c) I dtimpeallacht atá leagtha amach ar bhonn inniúlachta, déanfaidh measúnóir an méid seo a leanas:

(1) fianaise ar fheidhmíocht inniúil a bhailiú trí bharúlacha praiticiúla (agus trí aon agallamh gaolmhar);

(2) anailís a dhéanamh ar an bhfianaise uile chun a chinneadh an léiríonn feidhmíocht na ndaoine faoi oiliúint go bhfuil na hinniúlachtaí a shonraítear sa tsamhail inniúlachta oiriúnaithe faighte nó coinnithe ar bun acu;

(3) beidh sé in ann feidhmíocht chomhtháite a mheasúnú agus, an tráth céanna, meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht inniúlachtaí ar leith;

(4) measúnú/measúnuithe a dhéanamh trí fhianaise ar fheidhmíocht inniúil a bhailiú;

(5) na daoine faoi oiliúint a chur ar an eolas ar bhealach a gcuideoidh lena ndul chun cinn.’;

(r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.090:

‘**ATCO.D.090 Oiliúint na dteagascóirí praiticiúla**

(a) Déanfaidh eagraíochtaí oiliúna oiliúint na dteagascóirí praiticiúla a fhorbairt agus a sholáthar agus beidh gach ceann díobh seo a leanas i gceist léi:

(1) cúrsa inniúlachtaí praiticiúla teagaisc do TOLO agus TFOIE;

(2) cúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí praiticiúla teagaisc;

(3) modh/modhanna chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht teagascóirí praiticiúla.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúrsaí oiliúna agus an modh/na modhanna measúnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) a fhormheas.’;

(s) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.095:

‘**ATCO.D.095 Oiliúint measúnóirí**

(a) Déanfaidh eagraíochtaí oiliúna oiliúint measúnóirí a fhorbairt agus a sholáthar agus beidh gach ceann díobh seo a leanas i gceist léi:

(1) cúrsa oiliúna measúnóra;

(2) cúrsa uasghrádaithe scileanna ar inniúlachtaí measúnaithe;

(3) modh/modhanna chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht measúnóirí.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúrsaí oiliúna agus an modh/na modhanna measúnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) a fhormheas.’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II (CUID ATCO.AR) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

(1) i bhFochuid A, pointe ATCO.AR.A.010, cuirtear isteach an pointe (ca) seo a leanas:

'(ca) eisiúint, athbhailíochtú agus athnuachan údaruithe TFOIE i gcomhréir le pointe ATCO.C.005(b) agus (c);';

(2) i bhFochuid D, pointe ATCO.AR.D.001(a), cuirtear isteach an pointe (1a) seo a leanas:

'(1a) eisiúint, athbhailíochtú agus athnuachan údaruithe TFOIE i gcomhréir le pointe ATCO.C.005(b) agus (c);';

(3) i bhFochuid D, pointe ATCO.AR.D.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) I gcás ceadúnais, rátálacha agus formhuinithe a chur ar fionraí nó a chúlghairm, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn don sealbhóir ceadúnais agus don soláthraí seirbhísí aerthráchta ábhartha maidir leis an gcinneadh sin, agus cuirfidh sé an sealbhóir ceadúnais ar an eolas faoina cheart achomhairc i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú i bpointe ATCO.AR.A.010.'.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III (CUID ATCO.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

(1) i bhFochuid B, pointe ATCO.OR.B.001, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) Beidh na nithe seo a leanas in iarratas ar dheimhniú eagraíochta oiliúna:

(1) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(2) seoladh/seoltaí na háite/n-áiteanna oibríochta (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, liosta na n-aonad rialaithe aerthráchta murab ionann í/iad agus seoladh an iarratasóra i bpointe (1);

(3) ainmneacha, dualgais agus cáilíochtaí na ndaoine seo a leanas:

(i) an bainisteoir cuntasach;

(ii) ceann na heagraíochta oiliúna, murab ionann é agus an duine a luaitear i bpointe (i);

(3a) sonraí teagmhála an duine/na daoine arna ainmniú/arna n-ainmniú ag an eagraíocht oiliúna mar phointe/phointí comhtheagmhála chun cumarsáid a dhéanamh leis an údarás inniúil;

(4) dáta tosaithe beartaithe na gníomhaíochta nó an athraithe;

(5) liosta de na cineálacha oiliúna atá le soláthair agus cúrsa oiliúna amháin ar a laghad as gach cineál oiliúna a bheartaítear a sholáthar;

(5a) tuairisc ar na saoráidí agus ar an trealamh;

(6) dearbhú maidir le comhlíontacht na gceanglas is infheidhme a shíneoidh an bainisteoir cuntasach, ina luafar go bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh i gcónaí ag an eagraíocht oiliúna;

(7) próisis an chórais bainistíochta; agus

(8) dáta an iarratais.’;

(2) i bhFochuid B, pointe ATCO.OR.B.015, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh de phointe (a):

‘(a) Beidh gá le formheas roimh ré maidir leis na hathruithe seo a leanas sula gcuirfear chun feidhme iad, mura rud é go dtabharfar fógra ina leith agus go mbainistítear iad i gcomhréir le nós imeachta arna fhormheas ag an údarás inniúil mar a leagtar síos i bpointe ATCO.AR.E.010(c):’;

(3) i bhFochuid C, pointe ATCO.OR.C.015, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Áiritheoidh an eagraíocht oiliúna go gcomhlíonfaidh na feistí oiliúna ionsamhalta eitilte na sonraíochtaí agus na ceanglais is infheidhme is iomchuí don chineál oiliúna a sholáthraítear agus atá ábhartha don rátáil agus don fhormhuiniú, agus go ndéanfaidh an t-údarás inniúil iad a fhormheas.’;

(4) i bhFochuid D, pointe ATCO.OR.D.001, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) modhanna measúnúcháin agus scrúdúcháin.’.